



**SCOIL NAOMH GOBNAIT**

**Dún Chaoin**

Trá Lí  
Co. Chiarraí  
V92 NY00

## **Polasaí ar Phost Roinnte**

### **RÁITEAS**

Leagann an cháipéis seo amach na cleachtais maidir le socrúithe postroinnt i Scoil Naomh Gobnait. Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhar le Bord Bainistíochta agus foireann Scoil Naomh Gobnait agus faomhadh é ag an mBord Bainistíochta. Baineann an polasaí seo le foireann teagaisc na scoile amháin.

### **RÉASÚNAÍOCHT**

Mar a leagtar amach i gCiorclán 0075/2015, “Is é an cuspóir atá leis an Scéim Postroinnt ná cabhrú le múinteoirí oibleagáidí oibre agus freagrachtaí/roghanna pearsanta a chomhcheangal.”

Tugtar tús-áite i gcónaí do leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí sa scoil againne thar aon ghné eile.

### **AIDHMEANNA agus CÚSPÓIRÍ**

Tá gá leis an mbeartas seo chun:

- Comhlíontacht le reachtaíocht reatha maidir le Scéim Postroinnt – Ciorclán 0054/2019 SCÉIMEANNA SAOIRE DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE ATÁ FOSTAITHE I mBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA
- Cur i bhfeidhm na sceime sa scoile againne a chinntiú
- Soiléireacht a chur ar fáil maidir leis an scéim postroinnt
- Baill den foireann teagaisc a chur ar an eolas maidir lena ndualgais i leith na scéime sa scoile
- Critéir mheasúnaithe d’iarratais do phost-roinnt a mhíniú.

### **INCHÁILITHEACHT**

Is féidir le múinteoir iarratas a dhéanamh ar phost-roinnt nuair:

- A bhíonn siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta AGUS
- A bheidh caite acu, ag deireadh na scoilbhliana ina ndéantar an t-iarratas, 12 mhí de sheirbhís leanúnach sa scoil againne AGUS

- A shealbhóidh siad post sa scoil againn don chéad scoilbhliain eile.

Níl postroinnt ar fáil do:

- Phríomhoide na scoile de bharr na cúraimí ceannaireachta a leagtar orthu;
- Mhúinteoirí atá ar iasacht ón scoil.

### **SOCRUITHE POSTROINTE**

Cuirfear Próiseas Agallaimh i bhfeidhm chun an Post Roinnte a chomhlíonadh. Muna bhfuil an Bord Agallaimh Sásta le caighdeán na n-iomaitheoirí ní bheidh an Scoil ábalta Post Roinnte a shocrú.

Dá mbeadh an scoil againne mar óstach mar chuid de shocrú postroinnte idir-scoile, is gá go gcomhlíonfaidh an múinteoir sin na oibleagáidí maidir le grinnfhiosrúcháin de réir an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine soghonta) 2014 agus ciorcláin ábhartha na Roinne. Féadfaidh go n-iarrfar an té seo chun agallaimh chun a c(h)umas Gaeilge a mheas.

### **OIBRIÚ NA SCÉIME**

Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach iarratas a mheas go haonarach agus glacfar cinneadh maidir leo ag tabhairt san áireamh **go mbeidh tús áite ag leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí thar aon ghné eile.**

### ***Rang-leibhéal***

Agus an cinneadh maidir le postroinnt á ghlacadh, beidh tús áite ag leas agus riachtanais oideachais na ndaltaí. Tógfar san áireamh daltaí a mbeadh riachtanais speisialta acu nó iad soghonta. Beidh baint ag socrúithe postroinnte le dáileadh ranganna sa scoil agus luíonn an cinneadh seo leis an bPríomhoide.

### ***Fad an tSocrúithe Postroinnte***

Is é **aon scoilbhliain amháin** an tréimhse íosta a mhairfidh socrú postroinnte. Féadfaidh, áfach, an socrú a fhoirceannadh ag am ar bith sa chás nach mbeidh sé ag obair chun leas na ndaltaí. Cuirfear in iúl don té a cheaptar, don bhfolúntas ar théarma seasta a líonadh go bhfuil an fhéidearthacht seo ann chomh maith.

### **IARRATAS AR SCÉIM POSTROINTE**

De réir Ciorclán 0054/2019 SCÉIMEANNA SAOIRE DO MHÚINTEOIRÍ CLÁRAITHE ATÁ FOSTAITHE I MBUNSCOILEANNA AGUS IN IAR-BHUNSCOILEANNA AITHEANTA

- Ba chóir do mhúinteoirí gur mian leo socrú postroinnte iarratas a chur chuig an mBord Bainistíochta ní nach déanaí ná **1 Feabhra** roimh an scoilbhliain ina bhfuil sé beartaithe an socrú postroinnte a thosnú/leanúint le socrú postroinnte

- Ba chóir do mhúinteoirí gur mian leo leanúint le socrú postroinnte an t-iarratas a chur isteach ar bhonn bliantiúil
- Eiseoidh an fostóir cinneadh i scríbhinn chuig an múinteoir, cé acu a ceadaíodh an t-iarratas nó a diúltaíodh dó (agus an chúis leis an diúltiú, nuair a bhaineann), faoi **1 Márta** den bhliain sin.
- Ag tabhairt san áireamh méid na socruithe atá le cur i bhfeidhm ag an mBord Bainistíochta chun socrú postroinnte a éascú, **ní cheadaítear don iarrthóir a (h)iarratas a tharraingt siar taréis 14 Aibreán, nó a luaithe a shínítear conradh an mhúinteora ionaid, pé ceann is luaithe.** I gcásanna eisceachtúla, más féidir freastal ar an iarratasóir laistigh den leithdháileadh foirne ceadaithe agus faoi réir socruithe conartha, féadfaidh an Bord Bainistíochta glacadh le hiarratas chun tarraingt siar ó scéim postroinnte agus/nó fillleadh níos luaithe ar fhostaíocht lánaimseartha. Ní féidir iarratas den sórt sin a mheas tar éis an **1 Samhain**.

## **SOCRUITHE OIBRE**

### ***Plean Oibre***

Ba chóir Plean Oibre a chur le chéile i gcomhar leis an bPríomhoide agus déanfar cur síos ar na nithe seo a leanas sa cháipéis:

- Leanúnachas sa socrú, go háirithe nuair a bhaineann sé le has láithreachtaí gearr-thréimhseacha (ní féidir le múinteoirí laistigh de shocrú postroinnte ionadaíocht a dhéanamh dá chéile),
- Pleanáil do mhodheolaíochtaí aontaithe,
- Cur chuige aontaithe i leith bainistíochta ranga,
- Freastal na múinteoirí ar chruinnithe foirne agus cruinnithe le tuismitheoirí (cruinnithe eolais, cruinnithe tuismitheoira/múinteora, srl.)

Ba chóir don Phlean Oibre cloígh le beartais scoile mar a leagtar amach sa Phlean Scoile agus na nithe seo a shonrú:

- Minicíocht na gcruinnithe lasmuigh d’am scoil idir na múinteoirí chun pleanáil agus plé ar an obair a dhéanamh,
- fáil ar na múinteoirí do chruinnithe foirne, cruinnithe le tuismitheoirí, oícheanta oscailte, uaireanta Pháirc an Chrócaigh.

### ***Cumarsáid***

Is faoi na páirtnéirí postroinnte bealaí cuí cumarsáide a shocrú a rachaidh faoi bhráid an Bhoird. Beidh taifead ar an gcumarsáid seo ar fáil don Phríomhoide ach iarraidh.

### ***Socruithe malartaithe idir na múinteoirí***

Buailfidh an dá oide ar feadh tréimhse suntasach taréis na scoile ag deireadh gach tréimhse teagaisc chun an malartú a dhéanamh. Beidh an Príomhoide ar fail do na múinteoirí i rith na tréimhse sin, más gá. Luíonn an fhreagracht leis na múinteoirí an duine eile a chur ar an eolas faoi chinnidh, eolas nó a leithéad a roinneadh le linn uaireanta Pháirc an Chrócaigh, srl.

### ***Pleanáil Ranga***

Ullmhóidh na múinteoirí postroinnte na nithe seo a leanas i gcomhar lena chéile:

- clár ama laethúil agus seachtainiúil

- dialann roinnte ina mbreacfar síos dul chun cinn na ndaltaí, deacrachtaí iompair, cruinnithe le tuismitheoirí nó sonraí ábhartha eile
- pleananna oibre, ar bhonn téarma nó bliana
- scéim coicíse nó seachtaine don rang. Beidh seo ar fáil don Phríomhoide ach iarraidh.
- Cuntas Míósúil a shonraíonn na coda curaclaim a múineadh i rith na míosa agus dul chun cinn na ndlataí laistigh den tréimhse áirithe
- Tuairiscí scoile ag deireadh na scoilbhliana.

### ***Socruithe Ama***

Go ginearálta, ba chóir don bheirt oide solúbacht a léiriú maidir le has laithreachtaí, laethanta saoire agus saoire ionad (in lieu). Agus socruithe ama á ndéanamh, faigheann leas na ndaltaí tús áite thar aon ghné eile. Tá an Bord sásta glacadh le socrú seachtain ann/as nó seachtain roinnte.

### ***Cruinnithe Tuismitheora***

Táthar ag súil go mbeidh an bheirt oide i láthair ag cruinnithe tuismitheora.

### ***Feitheoireacht***

Táthar ag súil go nglacfaidh an bheirt oide cúraimí féitheoireachta i rith na bliana.

### ***Laethanta Saoire Pearsanta Breise (EPV)***

Ní cheadófar níos mó ná 2 lá SPB d'aon mhúinteoir go bhfuil postroinnt idir láimhe acu, uasmhéid 4 lá idir an bheirt. Ba chóir cead an Phríomhoide a fháil na laethanta seo a ghlacadh.

### ***Uaireanta breise faoi Chomhaontú don Seirbhís Phoiblí***

Ba chóir don bheirt oide 18 n-uaire a dhéanamh i rith na bliana.

### ***Laethanta Pleanála Scoile/In-seirbhíse***

Táthar ag súil go ndéanfaidh an bheirt oide freastal ar na laethanta in-seirbhíse agus laethanta pleanála scoile. Má fhreastalaíonn oide ar lá pleanála nach bhfuil sé beartaithe go mbeidh siad ag obair, tabharfar lá ionaid dóibh.

Ní thabharfar lá ionaid sa chás go gcomhlíonann an lá riachtanais laistigh de Chomhaontú don Seirbhís Phoiblí.

Nuair a cheadaítear saoire in ionad, ba chóir teastas ón gcúrsa a thabhairt chuig an bhfostóir chun an saoire in ionad a chlárú ar an gcóras OLCS.

### ***Saoire Poiblí***

Rachaidh teidlíocht do shaoire poiblí don oide ar chóir dó/di a bheith ar scoil an lá sin. Ar mhaithe le cothromaíocht idir an bheirt oide, tá seans go mbeidh athrú le déanamh ar an gclár ama.

### ***Eolas do Tuismitheoirí***

Chomh luath is a cheadaítear socrú postroinnte agus a dháiltear na ranganna, ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas go múinfear páistí leo ag múinteoirí laistigh de shocrú postroinnte don scoilbhliain ábhartha. Déanfar an t-eolas seo a roinnt trí chruinniú a eagrú. Ba chóir don bheirt oide a bheith i láthair don chruinniú seo.

I gcásanna Oideachas Speisialta, cuirfear tuismitheoirí ar an eolas ag tús an scoilbhliana nuair a aithnítear daltaí do sheirbhísí Oideachas Speisialta sa scoil.

### **POSTANNA FREAGRACHTA**

Má thugtar cead don Leas-phríomhoide gabháil le socrú postroinnte, is gá dó/di a p(h)ost freagrachta agus an liúntas cuí a ghéilleadh do thréimhse na postroinnte.

### **FOIRCEANNADH SOCRÚ POSTROINNTE**

Is féidir leis an mBord Bainistíochta socrú postroinnte a fhoirceannadh am ar bith muna bhfuil an socrú ag obair ar leas na ndaltaí.

### **RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ**

Tá freagracht ar na páirtithe uile (baill foirne, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta) iad féin a chur ar an eolas maidir le coinníollacha an bheartais seo agus tacú le cur i bhfeidhm an bheartais ar bhealach dearfach, comhoibritheach.

### **CRITÉIR RÁTHÚLACHTA**

Déanfar athbhreithniú leanúnach ar an mbeartas seo agus cuirfear leasuithe cuí i gcrích i leith:

- Aiseolas ó na rannpháirtithe
- Cur i bhfeidhm éifeachtach na scéime postroinnte
- Leas na scoile ag eascairt as an scéim postroinnte
- Treoirínte na Roinne Oideachais.

Déanfaidh an Príomhoide tuairisciú don Bhord Bainistíochta, uair in aghaidh an téarma ar a laghad, maidir cur i bhfeidhm na scéime sa scoil agus chun comhlíontacht riachtanais na ndaltaí a mheas.

### **FAOMHADH agus ATHBHREITHNIÚ**

Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú ar 2 Feabhra 2023 agus faomhadh é.

Déanfar athbhreithniú air de réir mar is gá.